

Eolas: Scoil Raifteirí: 19832D, an dara Gaelscoil a bhunaíodh i 1983 sa tír.

© Cópiceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo. Faiche an Aonaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.

Ba í an chéad Ghaelscoil a bhunaíodh i gCo. Mhaigh Eó, lasmuigh de Gaeltachtaí Mhaigh Eo. Cláraíodh beirt i Naíonáin Shinsir, agus tríir dhuine dhéag i Naíonáin Shóisir. Tháinig ochtar ar bhus (Eugene Ó Duibhghiolla), ó cheantar Gleann Aoláin agus Doire Chúis, thar ar seacht mhíle lasmuigh den bhaile. Ba í Máire Treasa Uí Dhálaigh ó Thuar-Mhic-Éadaigh a cheapadh ina bpríomhoide. Fuair an Coiste Bunaithe an sean-scoil de chuid Eaglais na hÉireann ar chíos ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo, agus bhí sí suite áit a bhfuil Leabharlann an Chondae suite inniu. Bhí seomra ranga measartha mór ann, seomra beag, agus seomra réamh-dhéanta ar chúl na scoile. Ní raibh aon chlós le súgradh ann, de bhrí go raibh tuillteacha uisce ann, agus bhíodh bruscar caite ar chúl na scoile mar nós. Bhí teiteoirí stórála úsáidthe mar córas teasa, leithreas amháin, troscán an-bhunúsach, boirdeacha, cathaoireacha, clár dubh, cathaoir don oide, agus ní raibh aon bhord don oide ar feadh tamaill. Bhí cruinniú de Bhord Bhainistíochta sa scoil uair sa mhí. Thóg gach baill dhá mhí an duine chun an áit a ghlanadh ag an deireadh seachtaine. Bhíodh cuairteoirí ag teacht a ghuíodh a mbeannacht ar an scoil, tuismitheoirí a tháinig chun lámh cabhair a thabhairt, agus bhíodh na cuairteoirí mar luchóga agus corr francach san áit ó am go ham. Ní raibh aon fón sa scoil, ach bhí Stáisiún na nGardaí trasna an bhóthair i gcás éigeandáil.

Fás na Scoile:

D'fhás an scoil de réir a chéile, agus thit sé amach go raibh múinteoir nua in aghaidh an bliana, agus bhí roinnt blianta ann gur tháinig beirt oidí le chéile. Bhí seomraí agus spás i gcónaí mar fadhb bliaintiúil le réiteach, i ngeall ar fhás na scoile, agus bhíodh an cuartú ar siúl ar fud an bhaile mhóir gach samhradh ag iarraidh seomraí a fháil ar chíosa.

1986: Tríúr Oidí Bhuan, 60 daltaí, le aitheantas Bhuan na Roinne Oideachais faighte le deontaisí ar fáil chun an scoil a choinneáil ag imeacht.

1988: Seisear Oidí Bhuan, 164 daltaí i gcúig áit dhifriúil ar fud an bhaile; an seanscoil, Ionad Leadóige, Ionad Naomh Uinseann De Phóil, Gruagaire "Clypso", Club Naomh Ghearóid.

1989: Suíomh Bhuan ceannaithe ag an Roinn Oideachais le 7 seomraí réamh-dhéanta lonnaithe ann, 195 daltaí le seachtar oidí.

1990: iarratas curtha chuig an Roinn Oideachais ag lorg scoil úr do 233 daltaí agus naoinúr oidí.

1995: Fógrú faoi Tógáil na Scoile nua, í curtha ar Líosta na Meastúcháin do 1995, le tógáil mar phrioracht a haon le freastal ar riachtanais 12 oidí agus 270 daltaí.

1996: Pleananna críochnaithe agus cead pléanála ceadaithe, agus 22 cláraithe don bhliain reatha. Bhí uimhreacha na daltaí an-gann san áit.

1997: Doicéimídí/Tenders/Praghasanna/Costas agus Pleananna iomlán ag tarlú sa Roinn.

1998: Casadh an Fhóid, agus tús le tógáil na scoile nua i Mí na Feabhra.

Bhogamar isteach i scoil bhreá le ocht seomraí ranga, oifig an phríomhoide, halla mór, seomra foirne, cistin, seomra riamhairí, seomra an oide feabhais, le seomraí stórala, i mí Mean Fómhair. Tharla sé ag an am chomh maith go raibh dhá rang sna seomraí réamh-dhéanta, 216 daltaí le 11 oidí (Príomhoide agus Oide Tacaíochta Foghlama san áireamh).

1999: Oscailt Oifigiúil na scoile leis an Aire Míchéal Ó Máirtín, 217 daltaí scoile.

2000: Gairdín na Mílaoise

2001: Dhá Rang Naíonáin tógtha isteach sa scoil, 229 daltaí scoile.

2002: Dhá Rang naíonáin tógtha isteach sa scoil, 263 daltaí scoile.

2003: Dhá Rang naíonáin tógtha isteach sa scoil, 276, 10 oidí ranga agus trúir (Príomhoide Riarúcháin, Oide Tacaíochta Foghlama, Oide Acmhainne). D'fhág trí chlann; beirt go SN Béal Átha Bharraigh, beirt go SN Burrischearra, agus duine amháin go Albainn.

2004: Rang Amháin Naíonáin(29) agus (8) go Rang Naí.Shin agus Sho. (273)

Foireann Iomlán Scoile: 13 Foireann Teagaisc: 10 Oidí ranga, le Príomhoide Riaracháin, Oide Tacaíocht Foghlama, Oide Acmhainne.

5 Foireann Chúntach: Rúnáí (28 uaire sa seachtain); Airitheoir (20 uaire sa seachtain); Glannaitheoir (8 uaire sa seachtain); fostaithe tré Dheontas na Roinne bunaithe ar Rollaí gach Mean Fómhair. Cúntóir Riachtanas Speisialta Bhuan, agus Cúntóir Riachtanas Speisialta(4ur./sealadach), tuarastal íochta ag an Roinn Oideachais agus Eol.

Tá an fhoireann gairimiúil, díograiseach, comhoibreach agus dilís don Ghaelscolaíocht.

Oibríonn an fhoireann go dian de bhrí go bhfuil dúbailt an mhéid oibre le déanamh le ábhar a mhúineadh tre mheán na Gaeilge. Oibríonn na páistí níos diáne chomh maith, agus dá bharr sin tá caighdeán níos fearr acu.

Ranganna: 2003-2004 2004-2005

1. Naíonáin Shóisir:	52	35
2. Naíonáin Shinsir	50	49
3. Rang 1	52	55
4. Rang 2	30	34
5. Rang 3	31	28
6. Rang 4	24	30
7. Rang 5	18	23
8. Rang 6	24	18

Tá 5 Rang le 21-26 páiste iontu, 2 Rang le 4/5, agus 5/6 iontu le 33 páiste i ngach rang, 3 Rang le níos mó ná 26 páiste iontu sa bhliain 2003/4

Gaeilge: Fís na Scoile: “Ó gheata na scoile isteach.....”

Cé nach bhfuil an Ghaeilge labhartha líofa ag 90% de na clannaí, tá na páistí líofa. Tá tuiscint ar an nGaeilge ag ceatadán mhaith de na tuismitheoirí, agus bíonn cleachtadh agus labhairt riachtanach. Déanann fórmhór na tuismitheoirí iarracht an Ghaeilge a labhairt chomh fhada agus is féidir leo, agus bíonn said deimhneach da bpaistí. Tá iar-scoláirí agus a dtuismitheoirí an-bhrodúil as an mhéid Gaeilge atá acu agus tá siad sásta í a labhairt linn. Scór bliain slánaithe ag an scoil, agus i mbliana fuair beirt scóláirí, agus

iar-scoláire amháin trí chraobh na hÉireann sa Fleadh i gCluain Meala, agus b'iad na 10ú craobh náisiúnta ó thús na scoile. Ag fágáil na scoile dóibh, fiú an páiste is laige o thaobh cumais, tá said in ann an Ghaeilge a thuiscint, a labhairt, í a scríobh agus bheith deimhneach agus brodíil aisti.

“Mol an óige agus tiocfaidh sí!” “Sí ár dteanga í!”

An Príomhoide:

Tháinig mé i 1983, óg agus aerach, agus sásta an seans a thógáil. Ní raibh mórán eolas agam faoin nGaelscolaíocht, agus tá mé ag foghlaim gach la ó shin i leith. Níl aon clár rúnda agamsa. Bíim ag obair go dian ó cheann ceann na bliana ar mhaithe le oideachas tré Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí Chaisleán an Bharraigh. I 1983 bhí an seanscoil fuar agus dorcha, ach bhí na páistí óga bríomhar, bhí na tuismitheoirí comhoibreach, bhí an Bord díograiseach, bhí an fhoireann cumasach, agus bhí fíis de scoil ann le naoinúr noidí agus scoil bhreá úr mar bhrionglóid. 17 mbliain ag feitheamh, fadhbanna, trioblóidí, agus le gach fadhb a tháinig chun chinn, rugadh réiteach bealach amháin nó bealach eile le gach duine ag tabhairt tacaíocht. “Ní Neart go cur le chéile!” Ní raibh sé éascaí in ammanaí, ach le gach duine ag tacú ar son na scoile, ar son suíomh úr a bhaint amach, ar son airgead a bhailliú don chóras, ar son an fhorgneamh nua, ar son na páistí óga le Gaeilge bhíomar lán de dóchas. Choinnigh an bord, an fhoireann agus na páistí le tacú óna tuismitheoirí gach duine le chéile, le atmasféar álainn scoile molta go minic ag cuairteoirí chuig na scoile. Tá an deá-scéal scaipithe faoin scoil. An síol a chuireadh san Earrach (1983), táimid ag baint san Fhómhair(2004).

Curaclam Úr Leasaithe 1999: Laethanta Inseirbhíse do na hAbhair thíos faighte:

Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Eolaíocht, Na hAmharcealaíona, OSPS.

Ta an-bhéim ar na scileanna éisteachta, labhartha, leitheidreachta, scríbhneoireachta, deanamh, Abhar fisiciúil, féinmhuinín, féin-smacht, féin-fhreagracht, acadúileacht, teicneolaíocht, spóirt, snámh, cultúr/ár gceantair féin, teangacha, riamhaireachta, agus spioradálta le creideamh i nDia agus cairdeas agus comhoibriú mar croí-lár na scoile.

*Ba chóir isliú sna figúirí chun cuidiú le gach oide ranga/curaclam úr a chur ar fáil.

*Pleanáil Scoile: 3 1/2 laethanta do 2003-2004.

*Laethanta Inseirbhíse/Pleanáil Scoile 2004-2005 6 lá

Acmhainne Scoile: Táimid an-sásta le na háiseanna atá sa scoil. Halla, Páirc peile, clós fairsing, carr-chlós mór, Gairdín na Mílaoise, cúirt cispheile, cúirt leadóige/eitpheile, seomra na riamhairí, Oifig nua don rúnaí, córas fuaimne, Brat Glas, córas athrothlú, riamhaire agus inneal priontáil sna ranganna, tradairí don pheintéil, agus rí.

- Tá gá le tuilleadh soilsí/ceamairí don slándáil scoile, inneall cóipeála, clós sabháilte, agus díon nua ag téastáil, ceadaithe agus fógraithe mí na Nollag 2003.

Seomraí Ranga:

Tá an troscán bhreá, seomraí móra, fuinneoga, teas, atmasféar deimhneach foghlama, glan, neata, sabháilte, taithneamhach, leithreas en-suite, uisce te.

Oideachas Speisialta: Polasaithe ag athrú i gconaí!

Déanann an oide ranga teisteanna/tascanna féin, agus déantar na teisteanna caighdeánacha ms. MIST, SIGMA-T, MICRA-T, eile. Dírítear ar fhadhbanna gach páiste a mheas, agus acmhainne/tacaíocht/tuairisc síceolaíochta NEPS a chur ar fáil más ann dó. Caithfidimid fadhbanna gach páiste faoinár gcuraim a mheas, aithint, le muinín agus tacaíocht a thabhairt dóibh, a dtuistí, agus chun cinntiu a dhéanamh de go bhfuil páiste ag fáil a cuid, bíodh said lag, measartha, nó iontach maith, go naithnítear dífríochtaí/cosúileachtaí gach duine ionas go ndeanfar an atmasféar foghlama a choinneáil deimhneach agus sona do chách. Is e an dúshlán na go mbíonn gach páiste ag iarraidh airde ag an tam céanna agus in amannaí bíonn fadhb acu glacadh le ceartú.

Cód Smachta:

Is faoin oide féin a rang-sheomra a eagrú, agus smacht a choinneáil, ionas gur féidir le gach uile páiste foghlaim in atmasféar dearfach, foghalma, ionas gur feidir tabhairt faoin churaclam leasaithe a chur i bhfeidhm.

Polasaithe:

Soiléir, Réasúnta, ciallmhar, agus tuigeann gach duine an córas agus ta said eolach futhu.

Cigireacht Scoile: An tUasal Dominic De Búrca. Eanáir-Bealtaine 2004.

Treasa Bn. Uí Quirke 2004/2005

Fathanna go bhFuilimid Iontach:

Faigheann an fhoireann moltaí mar gheall air:

- (i) Atmasféar sona taithneamhach, fáilteach sa scoil.
- (ii) Páistí go maith agus iad a labhairt an teanga, agus brodúil aistí.
- (iii) Sainéide agus culaith reatha na scoile.
- (iv) Beasaí agus iompair maith ar laethanta scoile/aon ócáid scoile.
- (v) Obair scoile/bhaile déanta agus bíonn bunús maith tugtha sna hAbhair don Mheanscoil.
- (vi) Páirt a ghlactar in imeachtaí mar Lá 'Fhéile Pádraig, cluiche peile, tráthanna na gceist, Feis, Fleadh agus rl.
- (vii) Cumarsáid maith idir na hoidí agus na páistí.
- (viii) Is féidir brath ar na páistí cabhrú leis an scoil nuair is ghá é.

Máire Treasa Uí Dhalaigh: Samhain 2003.